**Cuid 1**

**Ag Éisteacht go Géar**

**Treoracha**

1. Beidh tú ag éisteacht leis na píosaí a thugtar duit ar an ngléas taifeadta
2. Scríobh isteach d'ainm, an dáta agus uimhir an traic atá tú ag éisteacht leis
3. Déan iarracht Stop ( **II** ) a bhrú ar an taifead ar feadh soicind aon uair a chloiseann tú
    a. Nath cainte **Deas**
    b. Nath cainte **Nua** (nár chuala tú cheana)
    c. Rud **Suimiúil**
    d. Rud **nár thuig tú**
4. Ar an mbileog oibre, scríobh síos an t-am a stop tú an taifead (**nóiméad:soicind**) agus an litir **D**, **N**, **S** nó **?** le haghaidh an cineál rud a chuala tú:

    **D** = Nath cainte **Deas** (a chuala tú cheana)
    **N** = Nath cainte **Nua** (nár chuala tú cheana)
    **S** = Rud **Suimiúil**
    **?** = Níor thuig mé

5. Tá spás ann le nóta a dhéanamh faoin rud a chuala tú freisin ach ní gá é a líonadh
6. Tar éis gach píosa, déan plé sciobtha leis na daoine eile i do ghrúpa:
    a. ar thaitin an píosa leat?
    b. ar fhoghlaim tú aon rud nua?
    c. an raibh sé deacair a thuiscint?
    d. má bhí, cén fáth?

**Sampla den bhileog**

**Niall, Traic 1, 11/05/2019**

| Am | Cineál | Nóta |
|---|---|---|
| 0:06 | D | |
| 0:41 | ? | |
| 1:10 | S | Ba as Camus do Mhaidhc Flaherty |
| 1.22 | ? | |
| 1:41 | N | Ní chodlóinn sa teach nach mbeadh bád ann |
| 1:51 | D | ó dhubh go dubh |
| 2:04 | S | |